

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie



Miontuairiscí chruinniú Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁCDL) a tionóladh ar MS Teams agus trí ghlaio comhdhála.

Cruinniú: 4:30 p.m, 28 Feabhra 2022

I láthair: An Comhairleoir Brigid Manton, An Comhairleoir Cathal Boland Claire Markey, Colm Kilgallon, Daneve Harris, Gerry McGuire, An Comhairleoir Kazi Ahmed, an comhairleoir Joe Newman, an comhairleoir John Walsh, an comhairleoir Pamela Kearns, an comhairleoir Pamela Conroy, an comhairleoir Peter Kavanagh, an comhairleoir Una Power, an comhairleoir Yvonne Collins.

Leithscéalta: Dada

As láthair: Anne Genockey, an comhairleoir Ed O'Brien, Brendan O'Halloran, an comhairleoir Michael Clark, Ken Farrell

I láthair: Caitríona Murphy, Príomhfheidhmeannach; Adrian Flynn, Stiúrthóir Scoileanna; Noel Kelly, Stiúrthóir Scoileanna; Siobhan Lynch, Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna; Allen Buckley, Airgeadas; Bill Kavanagh, Oifigeach na bhFoirgneamh; Treacy Byrne, Oifigeach na bhFoirgneamh; Thea Jordan, Oifigeach Gnóthaí Poiblí; Caroline Daly, Oifigeach Forbartha; Emma Maloney, Cúntóir Pearsanta ar SMT.

Doiciméid:

Arna nUaslódáil go Leictreonach

Fáilte

Chuir an Cathaoirleach, an comhairleoir Joe Newman, fáilte roimh gach duine chuig an gcruinniú.

Comhbhrón

Rinneadh comhbhrón le teaghlaigh bhaill foirne ar bhásaigh duine muinteartha leo le mí anuas. Bhí nóiméad ciúnais ann.

1. Coinbhleachtaí Leasa a Chur in Iúl

Níor cuireadh aon choinbhleachtaí in iúl

2. Ábhair le Réiteach ag an mBord

Miontuairiscí: Faomhadh miontuairiscí an chruinnithe roimhe, a tionóladh ar 17 Eanáir 2022. D'fhéadfaí na coinníollacha a leasú.

Molta: Gerry McGuire

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

Cuidithe: An Clr. Peter Kavanagh

Ceapacháin Chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta

Ceapadh Susan Duffy mar ionadaí BOO ar bhord CP Pháirc Bhaile Choilín

Molta: An Clr Joe Newman, a thacaigh leis: An Clr John Walsh, a mhol.

Ainmníodh an Clr Brigid Manton mar ionadaí BOO ar Bhord CNS an Mhóinéir Leathain **Molta: An Clr Joe Newman, a thacaigh leis: Gerry McGuire**

Faomhadh An Plean Seirbhíse 2022,

Molta: An Clr Brigid Manton, a thacaigh leis: An Clr Pamela Kearns, a mhol.

3. Ábhair le tabhairt ar aird ag an mBord

Thug Coistí an Bhoird dá n-aire

Aontaíodh nach n-ainmneofar miontuairiscí Bhord Bainistíochta na scoileanna, ach amháin le haghaidh nótaí a bhreacadh

Miontuairiscí ARC: **Tugtha ar aird**

Beartais: **Tugtha ar aird**

Comhfhreagras ón Roinn - **Tugtha ar aird**

Chuir Caroline Daly, Oifigeach Forbartha, Feidhmiú an Chreata Éiteas faoi bhráid an bhoird. Cuirfear an nuachtlitir agus an cur i láthair ar fáil do chomhaltaí an bhoird.

4. Ábhair arna gCur faoi Bhráid ag an bhFeidhmeannas

Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh – Dé Luain 28 Feabhra 2022

Tá mé díreach ag iarraidh buíochas a ghabháil libh go léir as an tacaíocht le 2 bhliain anuas agus muid ag dul isteach i dtréimhse nua inniu, tuigimid an tionchar a bhí ag Covid ar gach duine agus ar an gcaillteanas a d'fhualaing go leor teaghlach. Gabhaim buíochas le gach aon bhall foirne. Mar is eol daoibh ní bheidh Debbie ag an gcruinniú inniu ach tá a foireann anseo chun tacaíocht agus nuashonrú a thabhairt daoibh ar mhíreanna éagsúla inniu ach, go háirithe, glacadh leis an bPlean Seirbhíse do 2022 atá ina fheidhm fhorchoimeáda thábhachtach agus ainmnithe de chuid an Bhoird seo.

Mar a luaigh mé, ón lá inniu tá an chomhairle sláinte poiblí is déanaí á leanúint againn ach leanaimid ag cur béime agus ag díriú ar na bearta coisctheacha atá i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfanann sláinte agus sábháilteacht ina thosaíocht. Tá teacht ar ais céimnithe á chur i bhfeidhm againn in HO. Seoladh treoir amach an tseachtain seo caite chuig Scoileanna, Coláistí agus Ionaid.

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do roinnt imeachtaí tábhachtacha a tharla ó bhuaileamar le chéile go deireanach. Ba é an chéad cheann an t-athbhreithniú leis an Roinn Oideachais maidir leis an gComhaontú Um Fhorbairt Feidhmíochta agus Maoirseacht do 2021. D'fhreastail Daneve ar an gcrúinniú i mí Eanáir 2021 agus d'fhreastail Seosamh i mbliana ina ról mar Chathaoirleach ar an mBord. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Joe as a fhreastal agus a ionchur ag an gcrúinniú. Sílim gur aontaigh muid uilig gur cruinniú an-rathúil a bhí ann agus ár dtuairisceáin go léir in am (100%) agus tugadh buíochas ar leith do roinnt ball foirne TEF. Meabhrúchán don Roinn gurb é an chúis atá le gach sprioc a bhaint amach ná obair chrua, dílseacht agus tiomantas na foirne agus rinneadh iarratas ar acmhainní breise ar thaobh an riaracháin, chun leanúint ar aghaidh ag maolú riosca agus chun ár spriocanna go léir a bhaint amach.

Chomh maith leis sin, d'éirigh go hiontach le seoladh an tionscadail Deis Connect i Naomh Caoimhín agus rinne an scoil sár-obair ar an lá agus an Taoiseach ag seoladh na hócáide. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an scoil agus leis an bhfoireann TF, agus leis an bhfoireann forbartha as a gcuid oibre ar an gcéad tionscadal gléas 1-2-1 den chineál sin i Scoil Deis. Agus freisin, do na comhaltaí Boird a ghlac an t-am le bheith ann ar an lá. Buíochas le Gerry Maguire.

Go raibh míle maith agaibh uilig as freastal ar an gcomhairliúchán inniu maidir le Ráiteas Straitéise BOOÁCDL 2022-2026. Tá na comhairleoirí ag obair ar an aiseolas ar fad agus tá súil againn bualadh leo an tseachtain seo chugainn le nuashonrú ar na chéad chéimeanna eile.

Tabharfaidh an Coimisinéir Eorpach um Poist agus Cearta Sóisialta, an tUasal Nicolas Schmitt cuairt ar Ógtheagmháil Chluain Dolcáin an tseachtain seo chun an clár Ógtheagmhála a fheiceáil i mbun gnímh. Is deis iontach é seo chun béim a tharraingt ar Ógtheagmháil agus BOOÁCDL ar ardáin áitiúla agus Eorpacha.

D'iarr Debbie orm sibh a chur ar an eolas maidir le seisiún Oiliúna Rialachais daoibh tríd an bhForas Riaracháin, agus eiseoidimid Doodle Poll chun dáta agus am fóirsteanach a shocrú i mí Aibreáin.

Rachaimid anonn chuig Adrian, Noel agus Siobhan anois, chun nuashonrú gairid a fháil. Glacfaimid na tuarascálacha TEF ansin.

Stiúrthóirí Scoileanna

- Nuachtlitir na Scoileanna nuashonraithe ag Adrian.
- Tá gach treoir sláinte poiblí curtha i bhfeidhm ag scoileanna CNS lena n-áirítear Ciorclán 0003/2022 ina suíomhanna ón lá inniu ar aghaidh.
- Tá gach scoil CNS ag gabháil do Chlár Iompraíochta na Scoile Uile NCSE le haghaidh tacaíochta Shraith 1. Is é aidhm an pholasaí seo ná creat scoile uile a bheith ann chun tacú le hiompar dearfach.
- Tháinig maoiniú do Sheirbhísí Óige le haghaidh tionscadal in R1.
- Tá obair ar rolladh amach Music Generation ag dul chun cinn.

Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna

An Chéad Athbhreithniú

Tá foireann BOaO um Dhearbhú Cáilíochta i mbun ullmhúcháin don chéad athbhreithniú seachtrach ar chórais BOaO maidir le dearbhú cáilíochta. Tá Próifíl Soláthraithe agus Tuarascáil Féinmheastóireachta mionsonraithe curtha i gcrích anois agus curtha faoi bhráid an QQI. Tá an fhoireann FET QA bogtha ar aghaidh anois ar phleanáil do chuairt an phainéil athbhreithnithe sheachtraigh, i mBealtaine 2022. Is é an toradh a bheidh ar an gcuairt ná Plean Nua Feabhsúcháin Cáilíochta don FET.

Aistríonn fócaíochtaí Foghlaimeoirí WAVE 2 chuig ESPS

Mar chuid de thionscnamh náisiúnta, aistríodh an próiseas chun liúntais oiliúna a íoc go seirbhísí comhroinnte (ESBS) i mí Feabhra. Ba phróiseas casta é seo ina raibh 25 ionad FET agus 850 foghlaimeoir páirteach ann. Ba é an tosaíocht a bhí ann ná a chinntiú go leanfadh foghlaimeoirí ar aghaidh ag íoc a liúntas mar is gnách tar éis an aistrithe agus go bhfoghlaimeodh baill foirne a bhí ag obair ar na cláir seo faoi chórais agus nósanna imeachta nua. Fuair siad tacaíocht ón Roinn Airgeadais agus ón Aonad Pleanála agus Straitéise FET.

Stiúrthóir TEF – Tuarascálacha TEF de réir an chláir oibre.

5.1 Tuarascáil Airgeadais Tugtha ar Aird

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA ÁTHA CLIATH AGUS DHÚN LAOGHAIRE						
TUARASCÁIL AIRGEADAIS - AN BHLIAIN GO DTÍ EANÁIR 2022						
Clár	Airgead Deontais Tosaigh Iarmhéid	Fáltais	Íocaíochtaí	Airgead Deontais Deiridh Iarmhéid		
	An 1 Eanáir 2022			An 31 Eanáir 2022		
IOMLÁN NA PRÍOMHSCÉIME MAR PHÁ	(26,058)	(18,869,728)	10,612,207	(8,283,579)		
IOMLÁN NA PRÍOMHSCÉIME NEAMHPHÁ	(3,290,488)	(1,334,281)	1,773,196	(2,851,573)		
AN tIOMLÁN A BHAINNEAN LEIS AN bPRÍOMHSCÉIM	(7,192,711)	(1,388,163)	375,517	(8,205,357)		
IOMLÁN NA mBUNSCOILEANNA	(1,273,616)	(646,847)	165,610	(1,754,853)		
CAIPITEAL IOMLÁN	(11,914,955)	(460,433)	1,416,242	(10,959,146)		
IOMLÁN NA nDEONTAS TRÍÚ LEIBHÉAL	(171,666)	-	-	(171,666)		
IOMLÁN AN BHREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA	(3,867,681)	(12,405,285)	6,480,732	(9,792,234)		
IOMLÁN NA SEIRBHÍSÍ ÓIGE	(1,512,051)	(156,442)	425,030	(1,243,463)		
IOMLÁN NA GNÍOMHAIREACHTA	(1,063,901)	(1,087,955)	313,078	(1,838,778)		
IOMLÁN AN FHÉINMHAOINITHE	(7,742,064)	(184,582)	189,173	(7,737,473)		
Iarmhéid Bainc	(38,055,191)	(36,533,716)	21,750,785	(52,838,122)		
Bhí iarmhéid de thart ar €52.8m sa chuntas bainc ag BOOÁCDL ag deireadh mhí Eanáir 2022.						
Tá na Deontais bhreise seo a leanas faighte ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus ó SOLAS go dtí seo chun caiteachas a bhaineann le COVID-19 a chlúdach. Tá na deontais sin san áireamh sa Phríomhscéim Ghaolmhar,						
Bunscoil, Caipitil agus Breisoideachas agus Oiliúint sa tábla thuas.						
	Iarmhéid Tosaigh	Fáltais	Íocaíochtaí	Iarmhéid Deiridh		
PS Gaolmhar	DEONTAS TACAÍOCHTA GLANTACHÁIN COVID19	(129,342)	(216,118)	36,111	(309,349)	
PS Gaolmhar	DEONTAS LE hAGHAIDH MAOIRSEACHT FHEABHSAITHE IN AIMSIR COVID19	(314,649)	(686,840)	102,719	(898,770)	
PS Gaolmhar	DEONTAS LE hAGHAIDH DÍGHALRÁIN AGUS TCP IN AIMSIR COVID19	(436,850)	(478,824)	44,063	(871,611)	
Bunscoil	DEONTAS TACAÍOCHTA GLANTACHÁIN COVID-19	(32,765)	(81,085)	27,333	(86,517)	
Bunscoil	DEONTAS LE hAGHAIDH DÍGHALRÁIN AGUS TCP IN AIMSIR COVID-19	(42,561)	(81,000)	12,179	(111,382)	
Caipiteal	DEONTAS I LEITH MIONOIBREACHA COVID 19	(1,083,925)	-	47,342	(1,036,583)	

BOaO	Forchostais COVID19	(144,451)	-	19,166	(125,285)
------	---------------------	-----------	---	--------	-----------

Ainm & Seoladh an Tionscadail.	Achar.	Stádas/Nuashonrú Tionscadail.
Coláiste Pobail Bhaile Brigín, Iomaire na Giúise, Sráid an tSéipéil, Baile Brigín.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh Ceantar Chomhairle Contae Fhine Gall	Tógáil Scoile nua, Céim 2B á hullmhú don Roinn Oideachais. Dáta críochnaithe measta Nollaig 2021
Coláiste Pobail Naomh Fhionáin, Feirm an Chaisleáin, Sord.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh Ceantar Chomhairle Contae Fhine Gall	Tógáil Sínte, 13 Sheomra Ranga Ginearálta & Shainsheomra. BOOÁCDL ag obair i gcomhar leis an DOE ar scóip leasaithe. Ordú Taisc eisithe maidir leis an gcóiríocht shealadach atá de dhíth. Obair Deartha ar bun
Coláiste Pobail Ard Giolláin, Fearann an Chaisleáin, Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh Ceantar Chomhairle Contae Fhine Gall	Oibreacha Feabhsúcháin ag leanúint ar aghaidh Táthar ag súil le críochnú Samhain 2022
Coláiste Pobail Leamhcáin, Céide na hEascrach, Leamhcán.	Baile Átha Cliath Thiar Theas Comhairle Contae Átha Cliath Theas.	Ag fanacht ar Chinneadh ón Roinn Oideachais maidir le dul chuig Tairiscint
Coláiste Chillian, 96-116 Seanbhóthar Nangair, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22.	Baile Átha Cliath Thiar Theas, Comhairle Contae Átha Cliath Theas.	Ag fanacht ar Chinneadh ón Roinn Oideachais ar cheapadh an Chonraitheora. D'eisigh DT soiléirithe don Roinn Oideachais
Scoil Speisialta Beinín Casa. 1 Ascaill Chnoc Mhuirfean, An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath	Baile Átha Cliath Thoir Theas. Comhairle Contae Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin.	Athchóiriú an fhoirgnimh reatha. Céim 2b le heisiúint chuig an Roinn Oideachais lena faomhadh. Tá DT ag cur moltaí i dtoll a chéile i gcomhar leis an Roinn Oideachais

5.2 Tuarascáil ar na Foirgnimh Tugtha ar Aird

Cruinniú BOOÁCDL Feabhra 2022 Tuarascáil ar an gClár Caipitil & Tógála

Mórhionscadail Chaipitil 2022

Coláiste Pobail Naomh Caoimhín, Cluain Dolcáin. Baile Átha Cliath 22.	Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas.	Seomraí Ranga Riachtanais Speisialta Oideachais (SEN) 2. Stop curtha le hoibreacha deartha. Meastóireacht ar an Scoil Uile fós ar siúl. Ordú Taisc eisithe maidir leis an gcóiríocht shealadach atá de dhíth. Oibreacha deartha ar siúl. Conraitheoirí ar an láthair
Scoil Speisialta Phobail Danu, Bóthar an Bhearnbhálaigh, Páirc Hans, Baile Átha Cliath.	Co. Bhaile Átha Cliath Thiar. Ceantar Chomhairle Contae Fhine Gall.	Oibreacha tógála críochnaithe. Ag déanamh seic ar fabhtanna faoi láthair
GS Reachrann, Bóthar Grange Abbey, Baile Átha Cliath 13.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh	Comhairleoir M+E ag ullmhú litreacha ar éirigh, agus nár éirigh leo

Coláiste Pobail na Sceirí, Sráid Bhaile Brigín, Bóthar Pháirceanna an Bhaile, Na Sceirí, Co. Bhaile Átha Cliath.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh. Ceantar Chomhairle Contae Fhine Gall.	Foireann Deartha faighte ach amháin Ailtire Comhairleach. D'eisigh BOOÁCDL tuarascáil bhreise don Roinn Oideachais
Coláiste Pobail Mhóin Seiscinn, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.	Contae Bhaile Átha Cliath Theas Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	Buiséad Faofa le haghaidh Aonad Riachtanas Speisialta. Foireann deartha á faomhadh.
SEN Páirc Bhaile Choilín, Rualach, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22.	Contae Bhaile Átha Cliath Theas Comhairle Contae Átha Cliath Theas.	Conraitheoir cóiríochta sealadaí ceaptha. Faomhadh eisithe chuig BOOÁCDL le cead dul chuig tairiscintí ar chóiríocht bhuan. DT ag ullmhú doiciméid tairisceana
Clár Oibreacha Samhraidh 2022.		Faomhadh faighte ón Roinn Oideachais maidir le ceithre cinn dár scoileanna. Doiciméid tairisceana á n-ullmhú faoi láthair le huaslódáil ar eTenders
TIONSCADAIL CHÓIRÍOCHTA SHEALADACHA 2021		
Ainm & Seoladh an Tionscadail.	Achar.	Stádas/Nuashonrú Tionscadail.
TA Fhine Gall Bóthar Sea Town, Páirceanna an Bhaile, Sord Co. Bhaile Átha Cliath.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh Ceantar Chomhairle Contae Fhine Gall	Plé leanúnach idir an DOE, Comhairle Contae Fhine Gall agus BOOÁCDL.

Réadmhaoin: Feabhra 2022.

Oibreacha foriomlána: Tá mol foirgneamh nua curtha i gcrích trí Sharepoint, áit a bhfuil an fhaisnéis go léir faoi gach tionscadal agus faisnéis tógála i suíomh Gréasáin scamall-bhunaithe amháin laistigh de Sharepoint. Tá gach clár tionscadail agus stádas tionscadail ag feidhmiú anois, a léiríonn cén chéim ag a bhfuil na tionscadail agus cén méid a chaitear go dtí seo srl. Tá clár réadmhaoine nua againn ar an gcóras seo freisin, le gach eolas réadmhaoine cothrom le dáta in aon áit amháin. Táimid ag obair freisin ar bheartas corparáideach nua BOOÁCDL maidir le Nósanna Imeachta Tógála agus Maoine, ar cheart a bheith críochnaithe faoi mhí an Mheithimh 2022, le cur i láthair do na Príomhoidí agus na bainisteoirí FET go léir i mí Mheán Fómhair 2020. Tabharfar don bhord é roimh an síniú deiridh freisin. Tá áit laistigh den mhol freisin ina seolfaimid nuashonruithe rialta chuig Príomhoidí agus Bainisteoirí.

Réadmhaoin	Nuashonrú	Stádas
Lár Bhaile Dhún Droma, Aonad 2.	Léas imithe in éag ó 2017	Litir oifigiúil seolta Eanáir 2022, gan aon fhreagra fós. Chuireamar beirt thionóntaí ar an eolas atá ar fho-léas uainn. Teagmháil nua tugtha trí Hammerson, agus litir seolta arís.
Teach Mangan, Maigh Eo	Ní mór tailte a aistriú ar ais chuig BOOÁCDL. An réadmhaoin fós faoi árachas ag BOOÁCDL.	Tabharfaidh ár ndlíodóir Eversheds an scéal is déanaí dúinn an tseachtain dar tús an 17 Eanáir 2022. Tá sé seo dlite faoi dheireadh mhí Feabhra 2022 anois.
Campas Iarthar na Cathrach.	Clárú iomlán tailte leis an Údarás Clárúcháin Maoine, Eversheds ag obair ar na ceisteanna sin faoi láthair agus ba cheart go dtabharfaí chun críche go luath iad. Cás dlí á thógáil ag Tríú Páirtí Brunella maidir le húsáid a bhaint as comhlímistéir i gcodanna áirithe talún. Cead pleanála tugtha don Roinn Oideachais chun dhá scoil a thógáil.	Caibidlíocht fós ar siúl le Tetrach Agus Brunella. Saincheisteanna áirithe maidir le cearta slí atá á n-oibriú amach idir BOOÁCDL agus páirtithe eile. Caibidlíocht ar siúl, táthar ag súil go dtiocfaidh deireadh leis gan mhoill.

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

Halla Spóirt Dhomhnach Bat agus Páirc imeartha uile aimsire.	Níl aon chomhaontú foirmiúil ann os cionn 10 mbliana d'aois ar ár gcuid úsáide. Tá an cíos atá á ghearradh ar an halla ró-ard. Todhchaí na páirce imeartha le cinneadh.	Tá comhaontú páirce oibríochta fós á oibriú amach. Ag súil le freagra ón mbord ar an gcíos atá á ghearradh sa halla. Comharthaíocht le breathnú. Táillí dlí maidir le tuilte páirce á n-oibriú amach leis an aturnaí. Táthar ag obair ar chás maidir le duine a thit in 2014.
Seanstáisiún na nGardaí, Baile Bhlainséir.	Is mian le hOifig na nOibreacha Poiblí comhaontú ar bhonn foirmiúil a dhéanamh, níl aon chomhaontú ann faoi láthair, cé gur thionótaí sinn le 20 bliain anuas.	Ag caint le hOifig na nOibreacha Poiblí chun tionóntacht a chur ar bhonn foirmiúil ansin le léas. Ag féachaint ar an bhfoirgneamh malartáin a bhfuil a léas imithe in éag ó 2017. Ag leanúint ar aghaidh
Beart Clárúcháin Maoine.	Ní mór gach réadmhaoin a chlárú. BOOÁCDL ag obair le Dílódóir agus leis an Roinn Oideachais.	Ag dul ar aghaidh.

Tugadh ar aird go dtacaíonn baill ARC leis na saincheistanna leanúnacha a bhaineann leis an easpa acmhainní i DDL agus go bhfeiceann siad mar riosca don eagraíocht é

Chuir comhalta boird imní in iúl nach bhfuil aon teiripeoir iompraíochta i SSP DANU, síleann baill an bhoird gur riosca é seo don eagraíocht freisin.

5.3 Nuashonruithe ar Phróifílí na Foirne Tugtha ar Aird

Daoine ag dul ar scor

Ceapacháin & Arduithe Céime

5.4 Clár Rioscaí: Tugtha ar aird

6. Ábhair arna chur faoi Bhráid ag an mBord: Dada

Ar aon dul le Buanorduithe

7. An chéad chruinniú eile: An 28 Márta 2022